C/2024/4805

31.7.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(CásM.11555 — TRITON / VWS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/4805)

1. An 24 Iúil 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Triton Fund 6 GP SARL ('Triton Fund 6', Lucsamburg), faoi rialú deiridh Triton Group ('Triton', Lucsamburg),

— VWS Verbindingen & Netwerken B.V. ('VWS', an Ísiltír)

Gheobhaidh Triton rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar VWS ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is ciste infheistíochta é Triton a bhainistíonn cuideachtaí agus a thugann comhairle dóibh, go príomha cuideachtaí meánmhéide a bhfuil a gceanncheathrú i Lár agus i dTuaisceart na hEorpa agus a dhíríonn ar Sheirbhísí Gnó, Tionscail, agus Sláinte,

— Is soláthraí seirbhíse ilfhóntais é VWS a dhíríonn ar réitigh inbhuanaithe agus dhigiteacha sa réimsí fuinnimh agus fóntais, sa nascacht agus i seirbhísí suiteálacha tógála.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11555 — TRITON / VWS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.